



An  
Phríomh-Oifig  
Staidrimh

Central  
Statistics  
Office




An Phríomh-Oifig Staidrimh  
**Scéim Teanga 2019–2022**

faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

---

Central Statistics Office  
**Language Scheme 2019–2022**

under Section 15 of the Official Languages Act 2003



**© Rialtas na hÉireann 2019**

Ábhar arna chur i dtoll a chéile agus arna chur i láthair ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

Tá atáirgeadh údaraithe, faoi réir aitheantas a thabhairt don fhoinse.

Tuilleadh eolais ar fáil ag:  
[www.cso.ie/en/baile/eolasfuinn/beartascoipchirt](http://www.cso.ie/en/baile/eolasfuinn/beartascoipchirt)

**© Government of Ireland 2019**

Material compiled and presented by the Central Statistics Office.

Reproduction is authorised, subject to acknowledgement of the source.

Further information is available at:  
<https://www.cso.ie/en/aboutus/whoweare/copyrightpolicy/>

# Clár na nÁbhar

# Contents

1	Réamhrá agus cúlra	1	Introduction and background	5
1.1	Príomhdhualgais na hOifige	1.1	Primary duties of the Office	5
1.2	Custaiméirí agus Cliaint	1.2	Customers and clients	6
1.3	Ullmhú na Scéime	1.3	Preparation of the Scheme	6
1.4	Dáta thabhairt isteach na Scéime	1.4	Introduction date of the Scheme	7
2	Soláthar Reatha Seirbhísí Oifige	2	Current Provision of Office services	8
2.1	Soláthar faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003	2.1	Provisions under Official Languages Act, 2003	8
2.2	Bearta a chomhaontaigh an Oifig cheana	2.2	Measures previously agreed by the Office	9
2.3	Ábhair a tháirgtear/foilsítear i nGaeilge, i mBéarla agus go dátheangach	2.3	Materials produced/published in Irish, in English and bilingually	10
3	Tiomantais seirbhíse faoin dara scéim	3	Service commitments under second scheme	12
3.1	Bearta Ginearálta	3.1	General Measures	12
3.2	Seirbhísí custaiméara	3.2	Customer services	13
3.3	Cumarsáid	3.3	Communications	15
3.4	Inneachar Gaeilge	3.4	Irish content	22
3.5	Córais agus acmhainní TFC	3.5	ICT systems and resources	22
3.6	Riarachán agus Foireann Inmheánach	3.6	Internal Administration and staffing	23
4	Próiseas monatóireachta agus athbhreithnithe	4	Monitoring and review process	27
5	An Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú	5	Publicising Agreed Scheme	28
	Aguisíní	–		29
	–		Appendices	30



# 1 Réamhrá agus cúlra

---

## 1.1 Príomhdhualgais na hOifige

---

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh, nó CSO, (an Oifig) freagrach as bailiú, anailís agus scaipeadh faisnéis staitistiúil a bhaineann le dálaí eacnamaíocha agus sóisialta na hÉireann. Is muidne an príomhghníomhaireacht phoiblí a bhíonn i mbun oibre den chineál seo in Éirinn agus, lena chois sin, ó bhí 2013 ann, tá ról comhordaithe againn i gcinntiú táirgeadh iontaofa staidrimh oifigiúil ag gach Roinn agus Gníomhaireacht Rialtais.

D'fhoilsigh an Oifig 344 eisiúint agus foilseachán staitistiúla in 2018. Is ar ár suíomh gréasáin, [www.cso.ie/ga](http://www.cso.ie/ga), go príomha a fhoilsítear a leithéid d'fhaisnéis agus foilsítear fosta cóipeanna crua nó leabhráin achoimre de roinnt tuairiscí.

Leagtar amach san Acht Staidrimh, 1993 feidhmeanna, údarás agus freagrachtaí na hOifige ag leibhéal náisiúnta. Is comhlacht neamhspleách í an Phríomh-Oifig Staidrimh laistigh den Státseirbhís a shocraíonn a modheolaíocht staitistice agus caighdeán ghairmiúla staitistice féin.

Ó chuaigh Éire isteach san AE in 1973, tá an Oifig ag obair i bpáirt le Eurostat agus le comhlachtaí staidrimh náisiúnta eile le sraitheanna staitistiúla a tháirgeadh atá inchomparáide le tíortha eile de chuid an AE.

Mar a luaitear thuas, is í an Phríomh-Oifig Staidrimh fosta Institiúid Staidrimh Náisiúnta (NSI) na hÉireann agus, mar sin de, tá roinnt réimsí freagrachta aige faoi reachtaíocht AE, lena n-áirítear comhordú staidrimh oifigiúil ar ranna agus gníomhaireachtaí eile de chuid rialtas na hÉireann faoi Chóras Staidrimh na hÉireann lena chinntiú go mbíonn modheolaíochtaí agus cáilíocht sonraí ag caighdeán atá ard go leor. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag [www.isscop.ie/baile](http://www.isscop.ie/baile).

# 1 Introduction and background

---

## 1.1 Primary duties of the Office

---

The CSO is responsible for the collection, analysis and dissemination of statistical information regarding the economic and social conditions of Ireland. We are the primary public agency engaged in such activity within Ireland and also, as of 2013, have a co-ordination role in ensuring robust production of official statistics by all Government Departments and Agencies.

The Office published 344 statistical releases and publications in 2018. Such information is primarily published to our website, [www.cso.ie](http://www.cso.ie), with hard copies or summary booklets of some reports also being produced.

The Statistics Act, 1993 sets out the functions, authority and responsibilities of the CSO at a national level. The CSO is an independent body within the Civil Service which sets its own statistical methodology and professional statistical standards.

Since Ireland joined the EU in 1973, the CSO has worked with Eurostat and other national statistics bodies to produce statistical series which are comparable with other EU countries.

As mentioned above, the CSO is also the relevant National Statistical Institution (NSI) for Ireland and as such has a number of additional areas of responsibility under EU legislation, including co-ordination of official statistics by other Irish government departments and agencies under the Irish Statistical System (ISS) to ensure the methodologies and data quality are of a sufficiently high standard. Further information can be found on [www.isscop.ie](http://www.isscop.ie).

## 1.2 Custaiméirí agus Cliaint

Nuair a chuirtear san áireamh nádúr leathan na faisnéise a bhailítear agus a scaiptear, tá a lán custaiméirí agus cliant éagsúil ag an Oifig. Áirítear orthu seo an pobal i gcoitinne, aos léinn, taighdeoirí, lucht déanta beartais, na meáin, ranna agus comhlachtaí eile rialtais, cuideachtaí príobháideacha, eagrais neamhrialtais agus carthanais.

## 1.3 Ullmhú na Scéime

Tá an dara scéim teanga ullmhaithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, Tá mionsonraí ar fáil i gCaibidil 2 ar sholáthar reatha seirbhísí trí (i) Gaeilge amháin; (ii) Béarla amháin; agus (iii) Gaeilge agus Béarla araon. Tá mionsonraí i gCaibidil 3 ar sheirbhísí i nGaeilge atá le tabhairt isteach nó le forbairt le linn na scéime.

Baineadh úsáid fosta as na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an scéim seo á réiteach.

D'fhoilsigh an Oifig fógra faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ar an 13ú Feabhra 2017 ar ár suíomh gréasáin inar iarradh aighneachtaí ón bpobal i gcoitinne agus ó aon pháirtí leasmhar. Fógraíodh an comhairliúchán poiblí seo ar dhá spás fógraíochta idirlín ar Tuairisc.ie ón 13ú Feabhra go dtí an 5ú Márta 2017, agus na dátaí sin san áireamh, trí fhógra raidió a craoladh go laethúil ar Raidió na Life ón 13ú Feabhra go dtí an 5ú Márta 2017, agus na dátaí sin san áireamh, agus trí fhógra ar chlár Raidió na Gaeltachta Fógraí an Lae, a craoladh ar an 15ú, 22ú agus 27ú Feabhra 2017. Cuireadh fógraí fosta ar chuntas Twitter na hOifige idir an 13ú Feabhra agus an 3ú Márta 2017.

Tá an Scéim bunaithe ar na gealltanais uile in aon scéim a tháinig roimpi a bheith curtha i bhfeidhm. Más amhlaidh nár cuireadh i bhfeidhm go dtí seo gealltanais i scéim a tháinig roimpi, pléifear an cheist le hOifig an Choimisinéara Teanga.

## 1.2 Customers and clients

Given the broad nature of the information collected and disseminated, the CSO has a wide variety of customers and clients. These include members of the public, students, researchers, policy-makers, the media, departments and other government bodies, private companies, non-governmental organisations and charities.

## 1.3 Preparation of the Scheme

This second language scheme has been prepared by the Central Statistics Office under Section 15 of the Official Languages Act, 2003. Details are provided in Chapter 2 on current provision of services through (i) Irish only; (ii) English only; and (iii) both Irish and English. Services in Irish to be introduced or expanded on in the course of the scheme are detailed in Chapter 3.

The Guidelines issued by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht were also consulted in the preparation of this scheme.

The CSO published a notice under Article 11 of the Official Languages Act, 2003 on 13 February 2017 to our website inviting submissions from members of the public and any interested parties. This public consultation was advertised via two web advertisement spaces on Tuairisc.ie from 13 February to 5 March 2017 inclusive, via a radio advertisement broadcast daily on Raidió na Life from 13 February to 3 March 2017 inclusive, and via a notice on Raidió na Gaeltachta *Fógraí an Lae* programme broadcast on the 15, 22 and 27 February 2017. Notifications were also posted to the Office's Twitter account between 13 February and 3 March 2017.

This Scheme is predicated on all of the commitments in any previous scheme having been implemented. In the event of commitments in earlier schemes not having been fully implemented to date, this matter will be the subject of discussion with the Office of An Coimisinéir Teanga.

Aithnítear an t-am agus an dua a chaith daoine leis an bpróiseas seo agus táthar buíoch díobh.

#### **1.4 Dáta thabhairt isteach na Scéime**

---

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tiocfaidh sí i bhfeidhm ón 8 Aibreán 2019 agus, ar aon dul le hAlt 14(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go ndeimhneofar scéim nua, cibé is déanaí.

The time and effort put in by all concerned in this process is acknowledged and appreciated

#### **1.4 Introduction date of the Scheme**

---

This scheme has been confirmed by the Minister for Culture Heritage and the Gaeltacht. It comes into effect from 8 April 2019 and, as per Section 14(3) of the Official Languages Act, 2003, will remain in force for a period of three years from this date or until a new scheme has been confirmed, whichever is the later.

## 2 Soláthar Reatha Seirbhísí Oifige

### 2.1 Soláthar faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

#### Comhfhreagras

Freagraítear i nGaeilge an comhfhreagras ar fad a fhaightear i nGaeilge gan mhoill ar aon dul le hAlt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Tá amlínte i gcomhair freagraí ar chomhfhreagras mar atá leagtha amach inár gcairt seirbhísí custaiméara, .i. admháil láithreach go bhfuarthas an ríomhphost nó litir agus cuirtear ar fáil aon eolas nach mbíonn ar fáil láithreach tráth nach faide ná 2 lá i ndiaidh fháil an chomhfhreagrais tosaigh i gcás ríomhphoist nó 5 lá i gcás litreacha.

#### Stáiseanóireacht agus Comharthaíocht

Coinníonn an Oifig an stáiseanóireacht oifige ar fad ar aon dul le rialacháin reachtúla agus idir Ghaeilge agus Bhéarla ar chlúdaigh litreacha a bhfuil seoladh orthu, cinn litreacha agus ábhair eile den sórt.

Aithníonn an Oifig an oibleagáid comharthaíocht inmheánach agus sheachtrach a chur in airde ag ár n-oifigí i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla.

#### Fógraí taifeadta béil

Faoi láthair ní bhaineann an Oifig feidhm as fógraí taifeadta béil ar línte fóin, ach aithníonn sé an oibleagáid aon fhógra a dhéanfar feasta a chur ar fáil i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla ar aon dul le hAlt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

#### Cáipéisí corparáideacha

Ullmhaíonn agus foilsíonn an Oifig gach tuarascáil bhliantúil, cuntas bliantúil, príomhcháipéisí polasaí agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla go comhuaineach agus, nuair is iomchuí, cuirtear os comhair an Oireachtais iad sa dá theanga. Tá liosta iomlán de cháipéisí corparáideacha reatha leagtha amach in Aguisín A.

## 2 Current Provision of Office services

### 2.1 Provisions under Official Languages Act, 2003

#### Correspondence

All written correspondence received by the CSO in Irish is responded to in kind and without delay as per Section 9(2) of the Official Languages Act, 2003.

Timelines for responses to correspondence are as outlined in our customer service charter, i.e. immediate acknowledgement of the email or letter with any information that is not immediately available being provided no later than 2 days after receipt of initial correspondence in the case of emails or 5 days in the case of letters.

#### Stationery and Signage

The CSO maintains all Office stationery in line with statutory regulations, with both Irish and English text included on addressed envelopes, letterhead and other such items.

The CSO recognises the obligation to post internal and external signage at our offices in Irish only, or in Irish and English.

#### Recorded oral announcements

The CSO does not currently make use of recorded oral announcements on phone lines, however it recognises the obligation to provide any future announcements in Irish only or in Irish and English as per the Section 9(1) of the Official Languages Act, 2003.

#### Corporate documents

All annual reports, annual accounts, major policy documents and statements of strategy are prepared and published concurrently in Irish and English by the CSO and where appropriate laid before the Oireachtas in both languages. A full list of current corporate documents is laid out in Appendix A.



## Seirbhísí agus Conarthaí Tríú Páirtí

Aithníonn an Oifig an gá atá lena chinntiú go mbíonn aon seirbhís a chuireann tríú páirtí ar fáil ar ár son ag teacht le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus le haon fhoráil a dhéantar i scéim teanga na hOifige. Baill foirne de chuid na hOifige go díreach, nó tríd an bpost nó trínár suíomhanna gréasáin, a dhéanann formhór mór na teagmhála leis an bpobal fós. (*féach fosta alt 3.1*)

## 2.2 Bearta a chomhaontaigh an Oifig cheana

### Úsáid logainmneacha Gaeltachta

Mar a leagadh amach i dtús báire i gcéad scéim teanga na hOifige, táimid tiomanta d'úsáid leanúnach, chomhsheasmhach na logainmneacha oifigiúla i gceantair Ghaeltachta faoi mar a leagadh amach in Orduithe Logainmneacha i ngach cuid d'obair na hOifige lena n-áirítear, gan bheith teoranta do, comhfhreagras agus torthaí staitistiúla.

### Foirmeacha suirbhé

Leanfaimid fosta de leaganacha Gaeilge agus Béarla a chur ar fáil de gach foirm suirbhé páipéir. Tá bearta nua maidir le suirbhéanna ar líne, úsáid foirmeacha dátheangacha agus gnóthaí bainteacha leagtha amach i rannán 3.2 (b) thíos.

### Foireann Allamuigh Daonáirimh

Earcaítear foireann allamuigh daonáirimh ar bhonn sealadach ar feadh tréimhse allamuigh gach tionscadail Daonáirimh, a dhéantar uair amháin gach 5 bliana. Earcaítear baill foirne le bheith ag obair i gceantair Ghaeltachta más féidir leo a léiriú go bhféadann siad a gcuid oibre a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla araon. Níl aon fhoráil shainiúil ann faoi láthair i leith scileanna Gaeilge i measc baill foirne allamuigh i gceantair nach bhfuil sa Ghaeltacht.

### Club na Gaeilge

Bíonn roinnt imeachtaí i gcaitheamh na bliana ag Club na Gaeilge, club sóisialta de chuid na hOifige agus tagann a gciorcal comhrá le chéile uair sa tseachtain.

## Third-Party Services and Contracts

The CSO recognises the need to ensure any services carried out on our behalf by a third party are in keeping with both the Official Languages Act and any provisions made in the CSO language scheme. The vast majority of contact with the public continues to be conducted either directly by CSO staff, via post or via our websites. (*see also section 3.1*)

## 2.2 Measures previously agreed by the Office

### Use of Gaeltacht placenames

As originally laid out in the CSO's first language scheme, we are committed to continued and consistent use of the official placenames within Gaeltacht areas as laid down in Placenames Orders in all work of this office including, but not limited to, correspondence and statistical outputs.

### Survey forms

We will also continue to provide all paper survey forms in Irish and English versions. New measures regarding online surveys, use of bilingual forms and related matters are outlined in section 3.2 (b) below.

### Census Field staff

Census field staff are recruited on a temporary basis for the duration of the field operation of each Census project, which is undertaken once every 5 years. Such staff operating in Gaeltacht areas are appointed only once they have demonstrated an ability to carry out their work in both Irish and English. There is currently no specific provision for Irish language skills among field staff in non-Gaeltacht areas.

### Club na Gaeilge

An internal social club of the CSO, Club na Gaeilge have a number of events throughout the year and meet weekly in a conversation circle.

## 2.3 Ábhair a tháirgtear/foilsítear i nGaeilge, i mBéarla agus go dátheangach

### Foirmeacha

Táirgeann an Oifig foirmeacha suirbhé páipéir i leaganacha ar leith Gaeilge agus Béarla. Is i mBéarla amháin atá suirbhéanna ar líne ar fáil faoi láthair.

### Preasráitis

Faoi láthair, táirgeann an Oifig sciar dá bpreasráitis i leaganacha ar leith Gaeilge agus Béarla agus le blianta beaga anuas, sháraigh sé gan dua an t-íosmhéid 10% dá raibh sé tiomanta sa scéim roimhe seo. Uaireanta, is i nGaeilge amháin a eisítear preasráitis, nuair is ábhartha (m.sh. seoladh leabhrán Gaeilge 1916). Is i mBéarla amháin a eisítear an chuid eile de na preasráitis.

### Eisiúintí

Is i mBéarla amháin a tháirgtear eisiúintí staitistiúla.

### Foilseacháin

Is i mBéarla amháin, faoi láthair, a tháirgtear bunús na bhfoilseachán staitistiúla.

Réitíodh agus clóbhuaileadh in 2016 leaganacha Gaeilge agus Béarla araon den leabhrán de shleachta as ár bhfoilseachán chomórach céad bliain 1916. Foilsíodh sliocht i nGaeilge ó na Torthaí Achoimre Daonáirimh, Cuid 1 agus 2 go comhuaineach leis an bpríomhthuarascáil.

### Ábhair eile

Táirgeann an Oifig réimse de ghrafaicí faisnéise a chuireann le heisiúintí agus foilseacháin. Táirgeadh próifílí do 26 chontae i bhfoirm grafaic faisnéise, mar aon le gach ceann den 23 ghrafaic faisnéise eile in 2018 i nGaeilge agus Béarla araon agus táimid tiomanta dá chinntiú go leanfar den dul chun cinn seo. (*féach rannán 3.3*)

Is i mBéarla amháin a tháirgtear fógraí faisnéise a bhaineann le sraitheanna eisiúintí staitistiúla. Is i mBéarla amháin a tháirgtear cáipéisíocht modheolaíochta le haghaidh na sraitheanna staitistiúla.

## 2.3 Materials produced/published in Irish, in English and bilingually

### Forms

The CSO produces paper survey forms in separate Irish and English versions. Online surveys are currently available in English only.

### Press releases

The CSO currently produces a portion of press releases in separate Irish and English versions and has in recent years comfortably exceeded the 10% minimum committed to in the previous scheme. Individual press releases are occasionally produced in Irish only, where relevant (e.g. for launch of 1916 Irish booklet). The remainder of press releases are produced in English only.

### Releases

Statistical releases are currently produced in English only.

### Publications

The majority of statistical publications are currently produced in English only.

The extracts booklet of our 1916 centenary publication was prepared and printed in both Irish and English versions in 2016. An extract in Irish from each of Census Summary Results, Parts 1 and 2 publications were published concurrently with the main report.

### Other materials

The CSO produces a range of infographics to compliment releases and publications. Profiles for 26 counties in the form of infographics and all of the 23 other infographics in 2018 were produced in Irish and English and we are committed to ensure momentum is maintained in this area. (*see section 3.3*)

Information notices in relation to statistical release series are produced in English only. Documentation of methodology for statistical series are produced in English only.

Currently, briefing notes, presentation slides and similar materials for press events are produced in English only.

Is i mBéarla amháin a tháirgtear, faoi láthair, nótaí faisnéise, sleamhnáin cur i láthair agus ábhair eile den sórt i gcomhair preasócáidí.

Táirgeann an Oifig gach bliain do mhúinteoirí, leaganacha Gaeilge agus Béarla nó leagan dátheangach de leabhrán ar acmhainní, tionscnaimh agus comórtais scoile. Táirgtear leaganacha ar leith Gaeilge agus Béarla de bhileoga do na comórtais.

The CSO produces a booklet on schools' resources, initiatives and competitions for teachers each year in Irish and English versions or in a combined dual language version. Leaflets for competitions are produced in separate Irish and English versions.

### 3 Tiomantais seirbhíse faoin dara scéim

Is é aidhm an dara scéim seo soláthar seirbhísí Gaeilge na hOifige a fheabhsú agus tógáil ar bhearta atá i bhfeidhm cheana ar shlí chomhréireach agus inbhuanaithe. Dá dtarlódh sé go laghdódh aon bheart nua sa chaibidil seo réimse na seirbhísí, rud nach bhfuil beartaithe, beidh tús áite ag an mbheart bainteach sa chéad scéim a bhí ag an Oifig.

#### 3.1 Bearta Ginearálta

##### Ainmneacha daoine aonair

Aithníonn an Oifig an gá atá le cruinneas maidir le hainmneacha agus sloinnte pearsanta agus tá sé tiomanta chun a chinntiú go bhféadann gach freagróir suirbhé nó custaiméir eile de chuid na hOifige a n-ainm Gaeilge a úsáid agus iad ag plé leis an Oifig.

##### Seoltaí poist

Laistigh de cheantair Ghaeltachta, úsáidfear logainmneacha Gaeilge oifigiúla, faoi mar atá leagtha amach in ionstraimí reachtúla bainteacha, nuair a bhíonn comhfhreagras nó foirmeacha suirbhé á ndáileadh.<sup>1</sup>

I ngach dúiche eile sa Stát, tá tiomantas ag an Oifig seoladh poist a úsáid sa teanga oifigiúil a roghnaíonn an freagróir suirbhé nó custaiméir eile de chuid na hOifige, .i. más mian le freagróir go n-úsáidfear a sheoladh Gaeilge i gcomhfhreagras na hOifige agus murar úsáideadh é seo ar chéad phíosa comhfhreagrais, déanfaidh an Oifig a thaifid a uasdátú láithreach, nuair a chuirfear in iúl dúinn, chun é seo a chur i bhfeidhm.

Úsáidfear logainmneacha Gaeilge oifigiúla i gcomhfhreagras chuig seoltaí nach bhfuil sa Ghaeltacht nuair a bhíonn siad seo ar fáil agus iad foilsithe in orduithe oifigiúla logainmneacha.

<sup>1</sup> An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2004; An tOrdú Logainmneacha (Lárionaid Daonra agus Dúichí); An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2011; aon Ionstraim Reachtúil, a bhaineann le logainmneacha i gceantar Gaeltachta, atá i bhfeidhm cheana nó atá le hachútú.

### 3 Service commitments under second scheme

The aim of this second scheme is to improve the provision of services by the Office through Irish and build upon previous measures in a proportional and sustainable manner. Should any new measure in this chapter have the unintended effect of reducing the scope of services, the relevant measure in the Office's first scheme will have precedence.

#### 3.1 General Measures

##### Names of individuals

The CSO recognises the need for accuracy with regards to personal names and surnames and commits to ensuring that all survey respondents or other customers of the Office are able to use their name in Irish in all dealings with the Office.

##### Postal addresses

Within Gaeltacht areas, Irish placenames will be used in the distribution of correspondence or survey forms, making use of official placenames as laid out in relevant statutory instruments.<sup>1</sup>

In all other areas of the State, the Office commits to using a postal address in the official language chosen by the survey respondent or other customer of the office, i.e. if a respondent wishes to have their Irish address used in correspondence by the Office and this has not been used in an initial piece of correspondence, the Office will, once notified, update its records without delay to reflect this.

Correspondence in Irish to non-Gaeltacht addresses will make use of official placenames where these are available, having been published in official placenames orders.

<sup>1</sup> An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2004; An tOrdú Logainmneacha (Lárionaid Daonra agus Dúichí); An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2011; any additional S.I. currently in place or to be enacted relevant to Gaeltacht area placenames.

### Seirbhísí agus conarthaí tríú páirtí

Mar atá sainmhínithe i bParagraf 2 (1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, cinnteoidh an Oifig, chomh fada agus is féidir ó thaobh cúrsaí tráchtála de, go gcomhlíonfar i seirbhísí a chuirfidh aon tríú páirtí ar fáil ar a shon gach foráil de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, bearta a comhaontaíodh trí scéimeanna teanga na hOifige agus aon oibleagáid reachtúil teanga a rithfear amach feasta agus a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm nuair a dhéanfaí conradh leis an tríú páirtí sin. Déanfar oibleagáidí teanga a bhreithniú ag tús an phróisis soláthair.

## 3.2 Seirbhísí custaiméara

### a. Comhfhreagras

Tá seoladh ríomhphoist ar leith ag an Oifig i gcomhair fiosruithe i nGaeilge (eolas@cso.ie) a dhéantar a phoibliú tríd an bpríomhshuíomh gréasáin, [www.cso.ie/ga](http://www.cso.ie/ga) agus ar ábhair phriontáilte.

Mar mhórpoinnte teagmhála, tá seoladh ríomhphoist Gaeilge (daonaireamh@cso.ie), a dhéantar a phoibliú tríd an suíomh gréasáin eolas Daonáirimh, leathanaigh bhainteacha [cso.ie](http://cso.ie) agus ábhair bhainteacha chlóite.

Tá nasc chuig séanadh ríomhphoist na hOifige i nGaeilge agus i mBéarla araon ag bun na dteachtaireachtaí amach.

Déanfar freagraí caighdeánaithe ó sheoltaí ríomhphoist neamhindibhidiúla a athbhreithniú agus a leasú más gá chun a chinntiú gur i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla araon a bhíonn freagraí den sórt. Cuirfear leasuithe den chineál seo i gcrích roimh dheireadh Bhliain 1.

### b. Próiseas Suirbhé

#### *Litreacha teagmhála*

Nuair a dhéantar teagmháil phoist le líonta tí faoi pháirt a ghlacadh i suirbhé samplach líon tí (m.sh. Suirbhé ar an Lucht Saothair, Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála), is i gcomhfhormáid Gaeilge/Béarla a bhíonn an litir seo. De rogha air seo, d'fhéadfadh agallóirí suirbhé teacht go díreach chuig an

### Third-party services and contracts

As defined in Paragraph 2 (1) of the Official Languages Act, 2003, the CSO will ensure, as far as commercially viable, that services provided on its behalf by any third party will adhere to all provisions of the Official Languages Act, 2003, to measures agreed under CSO language schemes, and to any further legislative language obligations which may be in effect at the time of entering into a contract with that third party. Consideration of language obligations will be made at the outset of the procurement process.

## 3.2 Customer services

### a. Correspondence

The CSO has a dedicated email address for queries in Irish (eolas@cso.ie) which is publicised through the main website, [www.cso.ie](http://www.cso.ie) and on printed materials.

As a major point of contact, there is an Irish email address for Census section (daonaireamh@cso.ie), publicised through Census information website, relevant pages of [cso.ie](http://cso.ie) and relevant printed materials.

A link to the CSO's email disclaimer in both Irish and English is included at the bottom of outgoing messages.

Standardised replies from non-individual email addresses will be reviewed and amended if needed to ensure such replies are in Irish only, or in both Irish and English. Any such amendments will be completed by end of Year 1.

### b. Survey Process

#### *Contact letters*

Where households are contacted by letter about participating in a household sample survey (e.g. Labour Force Survey, Survey on Income and Living Conditions), this letter is in a combined Irish/English format. Alternatively, survey interviewers may call to the door directly. Letters to households in the Gaeltacht will have the Irish letter facing outward as standard.

doras. Bíonn an leagan Gaeilge le feiceáil go follasach ar litreacha chuig líonta tí sa Ghaeltacht.

#### *Foirmeacha páipéir*

Aithníonn an Oifig an gá atá le seirbhísí Gaeilge a thairiscint go réamhghníomhach dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne. Mar sin de, cinnteoidimid go leanfaidh custaiméirí d'fhoirmeacha suirbhé a fháil i nGaeilge má léirigh siad cheana gur mhian leo a ngnó a dhéanamh linn i nGaeilge.

Tá socruithe againn faoi láthair a leithéid de sheirbhís a chur ar fáil do fhreagróirí suirbhéanna gnó, ach tá athbhreithniú ar na socruithe reatha leithdháilte foirmeacha suirbhé agus comhfhreagras bainteach le cur i gcrích roimh dheireadh bhliain 1 chun feabhsúcháin a shainaitheint i gcinntiú leanúnachas seirbhíse.

Déanfaidh an Oifig machnamh fosta ar mhodhanna eile chun foirmeacha suirbhé a chur ar fáil, lena n-áirítear úsáid foirmeacha dátheangacha, mura mbeadh costais iomarcacha tairgthe, postais agus eile ann dá mbarr.

#### *Foirmeacha ar líne*

Téitear i mbun roinnt suirbhéanna gnó i mBéarla trí úsáid ardán eForms agus bíonn leagan clóite ar fáil dóibh siúd a fhreagraíonn i nGaeilge. Táthar ag plé cúrsaí maidir le tabhairt isteach foirmeacha Gaeilge ar ardán eForms agus tabharfar uasdátú air seo sa chéad tuarascáil bhliantúil feidhmithe.

#### *Suirbhéanna fóin*

Déantar suirbhéanna fóin i ndiaidh agallamh tosaigh duine le duine mar chuid de shuirbhéanna áirithe líon tí. Conraitheoir tríú páirtí a dhéanann iad thar ceann na hOifige i nGaeilge nó i mBéarla, cibé teanga is fearr leis an bhfreagróir.

### **c. Freagrachtaí corparáideacha**

#### *Rochtain*

Déanfaidh an Oifig gach modh oiriúnach le rochtain ábhair Ghaeilge ar an suíomh gréasáin a fheabhsú, lena n-áirítear laghdú ar a mhéad a bhítear ag brath ar chomhaid

#### *Paper forms*

The CSO recognises the need to proactively offer services to our customers and to members of the public in Irish. We will therefore ensure that customers continue to receive survey forms in Irish where they have previously indicated their wish to conduct their business with us in Irish.

Arrangements are currently in place to provide such service for business survey respondents, however a review of current arrangements for the distribution of survey forms and related correspondence will be completed by end of year 1 to identify improvements in ensuring continuity of service.

The CSO will also give consideration to other methods of providing survey forms, including the use of bilingual forms, where this would not cause undue production, postage or associated costs.

#### *Online forms*

A number of business surveys are conducted in English using the eForms platform, with a print form available to those responding in Irish. Discussions are taking place regarding the introduction of Irish forms to the eForms platform and an update on this matter will be provided in the first annual implementation report.

#### *Phone surveys*

Phone surveys are conducted following an initial face-to-face interview as part of certain household surveys. They are carried out by a third-party contractor on behalf of the CSO in either Irish or English depending on the respondent's preferred language.

### **c. Corporate responsibilities**

#### *Accessibility*

The CSO will assess all suitable means of increasing the accessibility of Irish language materials available from the website, including reducing the current reliance on Portable Document Format (pdf) files for press materials and office reports. This will be carried out through the co-operation of the Web team, the Oifigeach Gaeilge and their staff.

Formáid Doiciméad Iniompartha (pdf) i gcomhair ábhair preasa agus tuarascálacha oifige. Déanfar é seo i gcomhar leis an bhfoireann Ghréasáin, leis an Oifigeach Gaeilge agus lena bhfoireann.

#### *Saoráil faisnéise*

Cinnteoídh an Oifig go mbeidh gach ábhar agus cáipéis ghréasáin Saoráil Faisnéise a bhaineann leis an oifig seo - lena n-áirítear foirmeacha iarratais, scéim foilseacháin SF, srl. - ar fáil go hiomlán i nGaeilge tráth nach faide ná 3 mhí i ndiaidh thabhairt isteach na scéime. Aon cháipéis nó ábhar gréasáin a fhoilseofar amach anseo nó a uasdátófar a bhaineann le SF, foilseofar go comhuaineach iad i nGaeilge agus i mBéarla araon.

#### *Iarratais ar shonraí a rochtain*

Cinnteoídh an Oifig go mbeidh an fhoirm iarratais le haghaidh rochtain Comhaid Micreashonraí taighde (RMFanna) ón Oifig ar fáil tráth nach faide ná 3 mhí i ndiaidh thabhairt isteach na Scéime seo. Cuirfear gach ábhar agus cáipéis ghréasáin eile na hOifige a bhaineann le rochtain micreashonraí ar fáil faoi dheireadh Bhliain 1.

### 3.3 Cumarsáid

---

#### a. Fáiltiú

Beidh baill foirne fáiltithe eolach, ar a laghad, ar bheannuithe bunúsacha i nGaeilge.

Cé nach mbíonn rochtain rialta á dhéanamh ag an bpobal ar láithreacha na hOifige, beidh ainmneacha na mball foirne atá in ann cumarsáid Ghaeilge a dhéanamh ar fáil don fhoireann fáiltithe i gcomhair cuidiú le fiosruithe, glaonna nó coinní de réir mar a thagann siad aníos.

Ní bheidh moill nach gá mar thoradh ar sheirbhísí a iarraidh i nGaeilge. Tá socruithe déanta chun an pobal a chur i dteagmháil go mear leis an oifigeach/na hoifigigh atá freagrach as an tseirbhís a chur ar fáil i nGaeilge.

#### *Freedom of Information*

The CSO will ensure that all web content and documents regarding Freedom of Information as it relates to this office - including application forms, the FOI publication scheme, etc. - will be fully available in Irish no later than 3 months after the introduction of this Scheme. Any updated or future documents or web content regarding FOI will be published concurrently in Irish and English.

#### *Applications for data access*

The CSO will ensure that the application form for access to research Microdata Files (RMFs) from the Office will be available no later than 3 months after the introduction of this Scheme. All other CSO web content and documents regarding microdata access will be made available by end of Year 1.

### 3.3 Communications

---

#### a. Reception

Reception staff will be at least familiar with the basic greetings in Irish.

While the CSO office is not a public-facing office, the names of the members of staff who are able to communicate in Irish will be available to reception staff for assistance with queries, calls or appointments as they arise.

Seeking services in Irish at reception will not cause any undue delay. Arrangements are in place to put members of the public in touch speedily with the relevant official(s) responsible for providing the service required through Irish.

#### b. Press office

##### *Press releases*

The CSO will produce and issue a minimum percentage of all press releases simultaneously in both Irish and English

## b. Preasoifig

### *Preasráitis*

Déanfaidh an Oifig céatadán íosta de gach preasráiteas a chruthú agus a eisiúint go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla araon le linn na scéime seo. 30% de phreasráitis an figiúr i mbliain 1, ag méadú go 40% i mbliain 2 agus 50% i mbliain 3. Tógann sé seo ar an ngealltanas a rinneadh sa scéim roimpi seo.

Aithneofar eisiúintí faisnéise a mbeadh spéis ghinearálta ag an bpobal iontu chun a chinntiú go mbeidh preasráitis dhátheangacha ag dul leo (m.sh. foilseacháin Dhaonáireamh 2016). Leanfar de phreasráitis dhátheangacha a bhaineann le foilseacháin shainiúla agus le heisiúintí staitistiúla agus tapófar deiseanna leis an bhformáid dhátheangach a fhorbairt i réimsí eile staitistiúla le linn na scéime.

### *Grafaicí faisnéise*

Cinntoidh an Oifig go gcuirfear ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon leaganacha de na grafaicí faisnéise uile a tháirgeann an oifig nó a tháirgfear ar a son. Foilseofar 30% ar a laghad de na grafaicí faisnéise go comhuaineach sa dá theanga i mbliain 1 agus measfar an figiúr seo ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin d'fhonn é a mhéadú.

### *Meáin shóisialta*

Tá an Oifig i láthair ar ardáin meáin shóisialta Twitter agus Facebook agus tá cainéal YouTube againn fosta. Tá na cuntais seo dírithe go príomha ar eolas a chur ar fáil ar obair na hoifige, ar eisiúintí agus foilseacháin nuafhoilsithe nó atá ar tí a bhfoilsithe, agus ar fheachtais ar leith phoiblíochta amhail an Daonáireamh.

Cinntoidh an Oifig le linn na scéime seo go ndéanfar giolcanna agus postálacha i nGaeilge óna chuntais ar bhonn rialta. Ní thugann an Oifig aon ghealltanas go bhfreagróidh sé do giolcanna nó postálacha aonair ó úsáideoirí eile, ar aon dul lenár bpolasaí meáin shóisialta, ach is i nGaeilge a bheidh aon fhreagra a thugann an Oifig ar ghiolc nó postáil Ghaeilge.

throughout the period of this scheme. The figure in year 1 will be 30% of press releases, increasing to 40% in year 2, and 50% in year 3. This builds on the commitment made in the previous scheme.

Information releases of broad public interest will be identified so as to ensure these are accompanied by bilingual press releases (e.g. Census 2016 publications). Bilingual press releases currently produced for specific publications and statistical releases will be maintained and opportunities will be taken to expand on the bilingual format in other statistical areas throughout the scheme.

### *Infographics*

The CSO will ensure that all infographics produced by or on behalf of the Office will be made available in Irish and English versions. A minimum of 30% of these infographics will be published concurrently in both language versions in year 1, and this figure will be assessed for upward review on an annual basis thereafter.

### *Social media*

The CSO currently has a presence on the social media platforms Twitter and Facebook and also has a YouTube channel. These accounts are primarily focussed on providing information on the work of the office, on newly published and upcoming releases and publications, and on specific publicity campaigns such as for the Census of Population. The CSO will ensure over the course of this scheme that tweets and posts in Irish will be made from its accounts on a regular basis. The CSO does not commit to replying individually to posts or tweets from other users, as per our social media policy, however any reply made by the CSO to a tweet or post in Irish will be in Irish.

### *Press conferences and interviews*

The CSO will respond to queries at press conferences and facilitate requests for interview from Irish-language media where adequate notice is given, subject to a suitably fluent member of staff being available. Particular focus will be given to doing so for press conferences, releases



### *Preasócaídí agus agallaimh*

Freagróidh an Oifig fiosruithe ag preasócaídí agus éascófar iarratais ar agallaimh ó na meáin Ghaeilge nuair a thabharfar leordhóthain fógra, faoi réir ball foirne atá líofa go leor a bheith ar fáil. Beidh aird ar leith air seo a dhéanamh i gcomhair preasócaídí, preasráiteas nó foilseachán a mbeadh spéis ar leith ag pobail Ghaeilge iontu agus iad siúd a mbeadh spéis ar fud na tíre iontu, m.sh. daonáireamh, tuarascálacha cothrománacha. Má bhítear ag súil le ball foirne atá líofa go leor agus eolach go leor a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh, cuirfear é seo in iúl do na meáin roimh an bpreasócaíd nó tráth foilsithe i gcás foilseachán nó eisiúint staitistiúil.

### *Ábhair don phreas*

Féadann an Oifig cáipéisí achoimre, sleamhnáin cur i láthair nó ábhar eile 'preasphacáiste' a chur ar fáil i nGaeilge ag preasócaídí. Déanfar é seo a mheas go háirithe ag preasócaídí a mbeadh spéis ar leith ag pobail Ghaeilge iontu agus iad siúd a mbeadh spéis ar fud na tíre iontu, m.sh daonáireamh, tuarascálacha cothrománacha. Cuirfear cóipeanna crua de phreasráitis Ghaeilge ar fáil ag preasócaídí nuair a tháirgfear go comhuaineach iad.

## **c. For-rochtain oideachais**

### *Gradaim Oideachais*

I gcomhar le roinnt eagrais pháirtíochta, déanann an Oifig urraíocht ar roinnt gradam do mhic léinn chun an litearthacht staitistiúil agus úsáid staitisticí a chur chun cinn. Cinnteoidimid go gcuirfear ar fáil an t-eolas ar fad ar na gradaim seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla araon ar ár suíomh gréasáin, [www.cso.ie](http://www.cso.ie), go bhfoilseofar aon phreasráitis a bhaineann leis na comórtais seo go dátheangach agus go comhuaineach, go leanfar d'ábhair phoiblíochta (bileoga, póstaeir srl.) a chur ar fáil sa dá theanga agus go nglacfar le hiontrálacha comórtais i nGaeilge nó i mBéarla.

### *Acmhainní*

Cinntoidh an Oifig go bhfoilseofar aon acmhainní, ar nós na sraitheanna pleananna ceachta don leibhéal bunscolaíochta agus meánscolaíochta, go comhuaineach i

or publications of specific interest to Irish-language communities and those of broader national interest, e.g. census of population, horizontal reports. If a suitably fluent and suitably informed member of staff is expected to be available for interview this will be communicated to media in advance of a press conference or at the time of publication in the case of a statistical publication or release.

### *Press materials*

The CSO may provide briefing documents, presentation slides or other 'press pack' materials in Irish at press conferences. Particular consideration will be given to doing so at press conferences of specific interest to Irish-language communities and those of broader national interest, e.g. census of population, horizontal reports. Hard copies of Irish press releases will be available at press conferences where these have been concurrently produced.

## **c. Educational outreach**

### *Educational Awards*

The CSO, in conjunction with a number of partner organisations, sponsors a number of awards for students to promote statistical literacy and the use of statistics. We will ensure that all information on these awards is provided concurrently in both Irish and English on our website, [www.cso.ie](http://www.cso.ie), that any press releases relating to these competitions are published bilingually and concurrently, that publicity materials (flyers, posters, etc.) continue to be available in both languages and that competition entries in either Irish or English will continue to be accepted.

### *Resources*

